2026/67

6.1.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/67 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Nollaig 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Éirinn de bhun Threoir 91/676/CEE ón gComhairle maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 9263)

(is ag na téacsanna sa Bhéarla agus sa Ghaeilge a bheidh an t – údarás agus acu siúd amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta ([1]), agus go háirithe pointe 2, an tríú fomhír, d'Iarscríbhinn III a ghabhann léi,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696 ón gCoimisiún ([2]) deonaíodh maolú d'Éirinn de bhun Threoir 91/676/CEE, lenar ceadaíodh d'Éirinn aoileach beostoic ina bhfuil suas le 250 kg de nítrigin in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana a úsáid ar fheirmeacha ar féarthalamh 80 % díobh ar a laghad. De bhun Airteagal 12(3) den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, is é 220 kg de nítrigin in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana an méid aoiligh a fhéadfar a fhorchur ar an talamh i limistéir a bhíonn ag draenáil isteach in uiscí truaillithe nó in uiscí atá i mbaol truaillithe nó i limistéir ina bhfuil na treochtaí ag dul in olcas. Beidh feidhm ag Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696 go dtí an 31 Nollaig 2025.

(2) An 25 Meán Fómhair 2025 chuir Éire a hiarraidh ar mhaolú nua in iúl don Choimisiún agus, ina fhianaise sin, a hiarraidh ar iarraidh a thíolacadh ina raibh an bonn cirt ar bhonn na gcritéar oibiachtúil a shonraítear i mír 2, an tríú fomhír d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 91/676/CEE.

(3) Ba cheart údar a thabhairt le hiarrataí ar mhaolú faoi Threoir 91/676/CEE ar bhonn na gcritéar oibiachtúil a shonraítear i bpointe 2, an tríú fomhír d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin agus na measúnuithe comhshaoil is gá faoi dhlíthe eile de chuid an Aontais a bheith ina mbonn taca leo, go háirithe iad siúd a cheanglaítear de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ([3]), agus Threoracha 2000/60/CE ([4]) agus 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(4) Tá measúnú le déanamh freisin, i gcomhthéacs Threoir 92/43/CEE, ar thionchair maolaithe nua agus tionchair an Chláir nua Gníomhaíochta maidir le Níotráití. I ndáil leis sin, ceanglaítear le breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-293/17 ([6]), lena soláthraítear léirmhíniú ar Airteagal 6(3) den Treoir sin, go mbeidh tionscadail a bhfuil forchur leasachán ar an talamh agus innilt eallaigh i gceist leo faoi réir measúnú iomchuí i leith na n-impleachtaí a bheadh aige ar na láithreáin lena mbaineann, ach amháin sa chás go bhfágann imthosca oibiachtúla gur féidir aon fhéidearthacht a chur as an áireamh go cinnte go bhféadfadh na tionscadail sin difear mór a dhéanamh do na láithreáin sin, ar bhonn aonair nó i dteannta tionscadail eile.

([1]) IO L 375, 31.12.1991, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/676/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2022 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Éirinn de bhun Threoir 91/676/CEE ón gComhairle maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 129, 3.5.2022, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/696/oj).

([3]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

([4]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

([5]) Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/42/oj).

([6]) Breithiúnas na Cúirte an 7 Samhain 2018 in *Coöperatie Mobilisation for the Environment agus Páirtithe Eile*, C-293/17 agus C-294/17, ECLI:EU:C:2018:882.

(5) An tráth céanna, le cás C-531/24 atá ar feitheamh ([7]), a tharchuir Ard-Chúirt na hÉireann chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais an 1 Lúnasa 2024, ardaítear ceisteanna faoin léirmhíniú ar Threoir 91/676/CEE maidir leis na ceanglais atá le comhlíonadh faoi Threoracha 92/43/CEE, 2000/60/CE, agus 2001/42/CE i ndáil le deonú maoluithe faoi Threoir 91/676/CEE. Baineann na ceisteanna sin go háirithe le leordhóthanacht agus leormhaitheas na measúnuithe a rinneadh maidir le Clár Gníomhaíochta na hÉireann maidir le Níotráití 2022-2025 agus, dá réir sin, le bailíocht na maoluithe náisiúnta arna ndeonú i gcomhréir leis an gclár sin chun na tionchair chomhshaoil atá acu ar ghnáthóga agus speicis faoi chosaint a dhéanamh amach. Baineann na ceisteanna a ardaíodh sa chás sin le cur i bhfeidhm Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE freisin agus nach mbeadh meathlú ar stádas dobharlaigh dromchla ann mar thoradh ar na maoluithe nó an gcuirfidís i mbaol baint amach stádais mhaith uisce dromchla, nó baint amach dea-acmhainneachta éiceolaíoch agus stádais mhaith cheimicigh ag uisce dromchla i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE.

(6) Ní dócha go dtabharfar breithiúnas i gcás C-531/24 roimh an ráithe dheireanach de 2025.

(7) Tá an léirmhíniú maidir le gnéithe sonracha d'ionstraimí ábhartha de dhlí comhshaoil an Aontais a lorgaíodh ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais gcás C-531/24 ríthábhachtach chun é a chur ar a cumas d'Éirinn na measúnuithe is gá a aithint agus a dhéanamh agus iarraidh iomlán, críochnaitheach ar mhaolú a thíolacadh faoi dheireadh ina mbeidh réasúnú ar bhonn na gcritéar oibiachtúil a shonraítear i mír 2, an tríú fomhír, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 91/676/CEE agus chun comhlíonadh dlí eile de chuid an Aontais a áirithiú. D'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag treoraíocht ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh freisin ar na paraiméadair nach mór don Choimisiún iad a mheasúnú agus a chur san áireamh le linn na n-ionstraimí sin a léirmhíniú agus a chur chun feidhme.

(8) Go deimhin, an 31 Iúil 2025 chuir Éire in iúl go bhfuil sí tiomanta measúnaithe a cheanglaítear faoin dlí a dhéanamh, ar measúnuithe iad ar thionchair chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag maolú nua, de réir mar a cheanglaítear le dlí an Aontais. Agus é sin á dhéanamh ag Éire, ní mór di an léirmhíniú a sholáthair Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás C-531/24 a chur san áireamh.

(9) Na measúnuithe ar na tionchair ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith ag maolú nua mar a cheanglaítear le dlí an Aontais, ní mór d'Éirinn na measúnuithe sin a thabhairt chun críche faoin 31 Nollaig 2028 ar a dhéanaí chun go léireofar a gcuid conclúidí i gcur i bhfeidhm Threoir 91/676/CEE agus sa reachtaíocht trasuite náisiúnta, lena n-áirítear chun iarraidh iomlán, críochnaitheach a thíolacadh ar aon mhaolú a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo bunaithe ar na measúnuithe uile is gá i gcomhréir leis an treoraíocht dhlíthiúil ón gCúirt.

(10) Idir an dá linn, is iomchuí go ndéanfaí foráil leis an gCinneadh seo lena gcuirtear síneadh leis an maolú atá ann faoi láthair maidir le coinníollacha breise áirithe a chur i bhfeidhm maidir le feirmeacha lena mbaineann an maolú agus atá i ndobharcheantair a bhfuil dúshláin mhóra leanúnacha iontu mar chuid de chur chuige réamhchúraim. Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha breise sin bunaithe ar chonclúidí mheasúnuithe na hÉireann.

(11) Léiríonn na sonraí a sholáthair Éire i gcomhthéacs na hoibleagáide tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 10 de Threoir 91/676/CEE go raibh cáilíocht mhaith sna huiscí go ginearálta sa tréimhse 2020-2023. Maidir leis sin, bhí meántiúchain níotráite faoi bhun 50 mg/l ag 99 % de na stáisiúin faireacháin screamhuisce in Éirinn, agus bhí meántiúchain níotráite faoi bhun 25 mg/l ag 78,5 % de na stáisiúin faireacháin sin. Bhí meántiúchain níotráite faoi bhun 50 mg/l ag gach stáisiún faireacháin uisce dromchla in Éirinn, agus bhí meántiúchain níotráite faoi bhun 25 mg/l ag 99,1 % de na stáisiúin faireacháin sin. Thairis sin, thuairiscigh 27,5 % de na stáisiúin faireacháin uisce dromchla gurbh ann don eotrófú nó do riosca eotrófaithe. Maidir leis na treochtaí don screamhuisce, thuairiscigh 29,7 % de na stáisiúin faireacháin screamhuisce méadú ar thiúchain níotráite, thuairiscigh 56,4 % acu treochtaí cobhsaí agus thuairiscigh 13,8 % acu treochtaí laghdaitheacha. A mhéid a bhaineann le treochtaí don uisce dromchla, thuairiscigh 14,5 % de na stáisiúin faireacháin uisce dromchla méadú ar thiúchain níotráite, thuairiscigh 74,9 % acu treochtaí cobhsaí agus thuairiscigh 10,6 % acu treochtaí laghdaitheacha.

(12) Léirítear i sonraí a d'fhoilsigh Gníomhaireacht na hÉireann um Chaomhnú Comhshaoil i mí Lúnasa 2025 don tréimhse 2022-2024 maidir leis na laghduithe ar an ualach nítrigine is gá chun cuspóirí comhshaoil a bhaint amach i bpríomhabhaineacha na hÉireann go bhfuil an bhearna chuig an sprioc fós an-mhór i gcás na Bearú (38 %), na Sláine (31 %) agus na Feoire (16 %) agus gur mhéadaigh an bhearna i gcás na hAbhann Móire (ó 6 go 11 %) i gcomparáid le tréimhse 2017-2019.

([7]) Tarchur chun réamhrialú, *An Taisce*, C-531/24 (IO C, C/2024/6412, 4.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6412/oj).

(13) Mhéadaigh táirgeadh iomlán aoiligh na hÉireann ó bheostoc le blianta beaga anuas. Mhéadaigh táirgeadh aoiligh ealaigh, aoiligh muc agus aoiligh caorach 2 %, 2 % agus 8 % faoi seach ó thréimhse 2016-2019 go tréimhse 2020-2023. Laghdaigh limistéar na talún talmhaíochta a úsáideadh 3,4 % i dtréimhse 2020-2023 i gcomparáid le tréimhse 2016-2019, agus ba é 120 kg de nítrigin/ha an meánualú nítrigine ó aoileach beostoic sa tréimhse 2016-2019 i gcomparáid le 113 kg de nítrigin/ha sa tréimhse 2020-2023. Laghdaigh forchur leasacháin nítrigine mianraí in aghaidh an heictéir de thalamh talmhaíochta a úsáideadh 2,2 % i dtréimhse 2020-2023 i gcomparáid le tréimhse 2016-2019.

(14) An 6 Meán Fómhair 2024 thug Éire fógra don Choimisiún maidir le foilsiú a tríú plean bainistithe abhantraí i gcomhréir le hAirteagal 15 de Threoir 2000/60/CE. Leagtar amach treochlár sa phlean sin chun dobharlaigh na hÉireann a athshlánú chun stádas 'maith' nó stádas níos fearr ná sin a bheith acu agus chun iad a chosaint. Tá anailís á déanamh ar an bplean sin ag an gCoimisiún faoi láthair.

(15) An 8 Lúnasa 2025, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 92/43/CEE, sheol Éire a tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na mbeart arna nglacadh faoin Treoir sin. Cuimsíodh faisnéis sa tuarascáil sin maidir leis na bearta caomhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Treoir sin agus meastóireacht ar thionchar na mbearta caomhnaithe ar stádas caomhantais na gcineálacha gnáthóg nádúrtha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin agus stádas caomhantais na gcineálacha speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin chomh maith le príomhthorthaí an fhaireachais dá dtagraítear in Airteagal 11 den Treoir sin.

(16) Mar thoradh ar an athbhreithniú meántéarma a rinneadh in 2023 i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696, in 2025, threisigh Éire a Clár Gníomhaíochta maidir le Níotráití de bhun *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) (Leasú), 2025* ([8]), lena n-áirítear trí lamháltais leasacháin a laghdú. Ba cheart na bearta rialála treisithe breise sin a léiriú in Airteagail 6 go 9 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696. Ina theannta sin, thug Éire scéim tacaíochta EUR 60 milliún, Feirmeoireacht le Cúram don Uisce, isteach freisin chun go dtabharfadh feirmeoirí aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le cúrsaí uisce sa talmhaíocht. Áirítear maoiniú sa scéim sin do bhearta ar fheirmeacha chun láisteadh níotráití agus creimeadh ithreach a laghdú.

(17) An 8 Nollaig 2025 ghlac Éire Clár Gníomhaíochta nua maidir le Níotráití ([9]) ina léirítear ceanglais a leagtar amach in Airteagail 4 go 12 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696 agus ina mbeartaítear bearta breise agus treisithe freisin chun cuspóirí Threoir 91/676/CEE a chomhlíonadh.

(18) Sa Chlár Gníomhaíochta nua maidir le Níotráití samhlaíonn Éire méadú a dhéanamh ar an acmhainneacht stórála slodair agus fuíolluisce is gá ar fheirmeacha beostoic ó 2028 ar aghaidh. Is é is aidhm dó sin laghdú a dhéanamh ar an riosca caillteanas poncfhoinse agus ar an riosca caillteanais cothaitheach ón talamh agus cur i bhfeidhm spriocdhírithe cothaitheach a cheadú nuair a bhíonn siad de dhíth ar bharra atá ag fás. Sna bearta sin léirítear eolas cothrom le dáta ar an dul chun cinn a rinneadh i bpórú eallaigh déiríochta agus i gcórais feirmeoireachta ghaolmhara, rud a léiríonn go bhfuil an toirt sciodair a tháirgeann gnáthbhó dhéiríochta in Éirinn 21 % níos airde ná na luachanna rialála atá ann cheana agus go bhfuil an toirt fuíolluisce a thagann ó bhó dhéiríochta 43 % níos airde.

(19) Áiríonn Éire bearta breise freisin chun an dáileadh cothaitheach a fheabhsú ar fheirmeacha ilroinnte trí lamháltas níos ísle níotráití a chur i bhfeidhm sa chás nach féidir a thaispeáint go bhfuil aoileach beostoic á leathadh ar thalamh uile feirme seachas ar limistéir áirithe amháin. Ar fheirmeacha ilroinnte, bíonn ba bainne ag innilt den chuid is mó ar an talamh a bhfuil teacht uirthi ón mbleánlann. Is féidir ansin go bhfaigheadh an talamh sin cion níos airde de nitrigín aoiligh beostoic na feirme mar gheall ar í a bheith dlúth leis an gclós feirme. Cé go mbunaítear lamháltas cothaitheach feirme ar an limistéar talún iomlán faoi fheirmeoireacht, b'fhéidir nach mbainfeadh an dáileadh cothaitheach ar fheirmeacha ilroinnte leis an talamh níos faide ón gclós feirme ar chúiseanna praiticiúla nó eacnamaíocha.

(20) Ba cheart na bearta breise ar acmhainneacht stórála agus feabhsuithe ar an dáileadh cothaitheach ar fheirmeacha ilroinnte a léiriú sna coinníollacha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696.

([8]) Ionstraim Reachtúil Uimh. 42 de 2025.
([9]) Ionstraim Reachtúil Uimh. 588 de 2025.

(21) Dá bhrí sin, glactar an Cinneadh seo faoi chuimsiú an Chláir Gníomhaíochta maidir le Níotráití de bhun Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2022 ([10]) arna leasú in 2025, agus i gcomhthéacs Chlár Gníomhaíochta na hÉireann mar a chuirtear chun feidhme é in Ionstraim Reachtúil Uimh. 588 de 2025.

(22) Mar thoradh ar an gClár Gníomhaíochta maidir le Níotráití a glacadh in 2022 tháinig laghdú 10 % ar na lamháltais nitrigíne ceimicí d'fheirmeacha lena mbaineann an maolú in 2022 agus laghdú breise 5 % in 2025. Tá an lamháltas nitrigíne ceimicí níos airde fós áfach d'fheirmeacha lena mbaineann an maolú seachas d'fheirmeacha eile. Thángthas ar an gconclúid i staidéar Éireannach a d'fhoilsigh Teagasc le déanaí i mí Mheán Fómhair 2025 gur tháinig laghdú 2,4 – 3,3 % ar láisteadh níotráití samhaltaithe mar thoradh ar an laghdú 5 % ar an uaslamháltas nitrigíne ceimicí d'fheirmeacha lena mbaineann an maolú. Bhain an laghdú ba mhó leis na feirmeacha ag a raibh na lamháltais nitrigíne ceimicí ab airde acu. I ndobharcheantair ina bhfuil dúshláin mhóra leanúnacha maidir le spriocanna laghdaithe ualaigh a bhaint amach don nitrigín, is iomchuí dá bhrí sin laghdú breise a dhéanamh ar na lamháltais nitrigíne ceimicí le haghaidh 2028 ar fheirmeacha lena mbaineann an maolú mar bheart réamhchúraim.

(23) Ar cheann de na príomhbhearta faoi Threoir 91/676/CEE tá srian a chur le forchur leasachán ceimiceach agus orgánach feadh uiscí dromchla oscailte. Méadaíonn stiallacha maoláin neamhleasaithe aga cónaithe na gcothaitheach sa ghort ina iomláine. Cuireann sé sin leis an bhféidearthacht go gcoinneoidh an ithir fosfar agus go ndínítreofar níotráití araon. Leis an gClár Gníomhaíochta nua maidir le Níotráití toirmeasctar forchur leasachán ceimiceach laistigh de 3 m d'uisce dromchla agus, an tráth céanna, an srian a choinneáil ar bun ar leasachán orgánach nó fuíolluisce a fhorchur laistigh de 5 m d'uiscí dromchla agus laistigh de 10 m i gcás ina bhfuil meánchlaonadh níos mó ná 10 % sa talamh ag claonadh i dtreo an uisce. Ar fheirmeacha lena mbaineann an maolú, tá ionchuir aoiligh agus leasachán ceimiceach araon níos airde ná mar atá ar fheirmeacha eile. Le haghaidh 2028, i ndobharcheantair ina bhfuil dúshláin mhóra leanúnacha maidir le spriocanna laghdaithe ualaigh a bhaint amach don nitrigín, is iomchuí dá bhrí sin maolán níos leithne a chur chun feidhme ar fheirmeacha lena mbaineann an maolú mar bheart réamhchúraim.

(24) Sna coinníollacha breise maidir le lamháltais nitrigíne ceimicí agus maoláin feadh uiscí dromchla d'fheirmeacha lena mbaineann an maolú, léirítear cur chuige rioscabhunaithe agus spriocdhírithe le haghaidh na ndobharcheantar ina bhfuil dúshláin mhóra leanúnacha maidir le hastaíochtaí nítrigine agus ba cheart iad a léiriú freisin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696.

(25) Na coinníollacha maidir le laghdú leasachán ceimiceach agus criosanna maolánacha, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le feirmeacha lena mbaineann an maolú ag a bhfuil dúshláin mhóra leanúnacha maidir le hastaíochtaí nítrigine chomh maith leis na coinníollacha is infheidhme maidir le feirmeacha lena mbaineann an maolú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696, lena n-áirítear iad sin a chuirtear isteach tríd an gCinneadh seo. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na ceanglais maidir le haoladh, le clárú i mbunachar sonraí leasacháin na hÉireann, le rátaí stocála lasmuigh de gha 30 km, le ríomh na cothromaíochta cothaitheach, le hoiliúint éigeantach, le rialacha sonracha maidir le cothabháil fálta sceach ar bhealach atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht, agus le cion próitéine i ndlúthbhia.

(26) An clár náisiúnta rialuithe riaracháin, cigireachtaí agus smachtbhannaí maidir le feirmeacha féarthalún a chumhdaítear le húdarú na coinníollacha in Airteagail 5 go 9 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696 a chomhlíonadh, ba cheart an clár sin a leathnú chun na coinníollacha breise a leagtar amach in Airteagal 9a a ghabhann leis an gCinneadh seo a chumhdach.

(27) I bhfianaise chás C-531/24 atá ar feitheamh, a tharchuir Ard-Chúirt na hÉireann chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a bheidh ina shoiléiriú breise ar na ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag údaráis na hÉireann faoi Threoracha 92/43/CEE agus 2000/60/CE i gcomhthéacs iarraidh ar mhaolú faoi Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 91/676/CEE, d'fhéadfadh sé gurb iomchuí na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo a athbhreithniú tar éis an réamhrialaithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás sin.

(28) Agus imthosca sonracha an cháis agus gá atá le deimhneacht dhlíthiúil agus le stóinseacht na gcéad chéimeanna eile a áirithiú á gcur san áireamh, is iomchuí agus is stuama síneadh a chur le cur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696 ar bhonn eisceachtúil ar feadh tréimhse theoranta ama 3 bliana, faoi réir coinníollacha breise, ionas gur féidir an creat dlíthiúil chun maolú nua a dheonú d'Éirinn a shoiléiriú agus ceadaítear dá réir sin d'Éirinn na measúnuithe agus a creat dlíthiúil a choigeartú de réir na treoraíochta a bheidh le soláthar ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais.

([10]) Ionstraim Reachtúil Uimh. 113 de 2022.

(29) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696 a leasú dá réir sin.

(30) Tá na bearta dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bhunaítear le hAirteagal 9 de Threoir 91/676/CEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/696 mar a leanas:

(1) cuirtear Airteagal 3a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 3a*

Coinníollacha ginearálta le haghaidh na hÉireann ó 2026 go 2028

1. A luaithe is féidir ach ar a dhéanaí faoi dheireadh 2028, cuirfidh Éire i gcrích na measúnuithe comhshaoil de bhun Airteagal 6(2) agus (3) de Threoir 92/43/CEE agus de bhun Airteagal 4(1) de Threoir 2000/60/CE, agus breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-531/24 á chur san áireamh agus, i gcás inarb indéanta laistigh den tréimhse chéanna, bearta maolúcháin a chur ar bun, *inter alia*, trí Chlár Gníomhaíochta na hÉireann chun a áirithiú nach mbaineann na húdaruithe an bonn de bhaint amach chuspóirí na dtreoracha sin.

2. Déanfaidh Éire athbhreithniú, mar is iomchuí, ar choinníollacha Chlár Gníomhaíochta nua na hÉireann maidir le Níotráití a luaithe is féidir, ach ar a dhéanaí faoi dheireadh 2028, tar éis an bhreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás C-531/24.

3. Ó 2026 ar aghaidh, cuirfidh Éire bearta chun feidhme chun a áirithiú, maidir leis na feirmeacha déiríochta uile a bhfuil a gcuid talún dáilte thar limistéar níos leithne agus a bhfuil ráta stocála an-ard ar an talamh is gaire don chlós feirme, ar a dtugtar an t-ardán crúite, go n-úsáidfear sciodar eallaigh a tháirgtear ar an ngabháltas lasmuigh den ardán crúite agus ar fud thalamh na feirme nó go mbeidh feidhm le lamháltas leasachán ceimiceach níos ísle.

4. Ón 1 Deireadh Fómhair 2028 ar a dhéanaí, méadóidh Éire an acmhainneacht stórála is gá le haghaidh aoileach beostoic agus fuíolluisce ar na feirmeacha déiríochta uile i gcomhréir leis an eolas atá ann faoi láthair, rud a léiríonn forbairtí i bpórú eallaigh déiríochta agus i gcórais feirmeoireachta ghaolmhara.'

(2) in Airteagal 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Ón 1 Eanáir 2028, i dteannta na gceanglas a leagtar amach sa chéad fhomhír, deonófar údaruithe i limistéir óna ndraenáiltear isteach in aibhneacha na Bearú, na Sláine, na Feoire agus san Abhainn Mhór agus a gcraobh-aibhneacha, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 9a.'

(3) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír:

'Glacfar clár aolta le haghaidh na feirme bunaithe ar phlean bainistithe cothaitheach agus ar na torthaí anailíse ithreach. Sa chás nach mó ná 5 thona in aghaidh an heicteáir an ceanglas aoil a leagtar amach sa tuarascáil anailíse ithreach, cuirfear an ceanglas iomlán aoil i bhfeidhm laistigh de 2 bhliain ó dháta eisiúna na tuarascála sin. Sa chás gur mó ná 5 thona in aghaidh an heicteáir an ceanglas aoil a leagtar amach sa tuarascáil anailíse ithreach, úsáidfear ar a laghad 5 thona aoil in aghaidh an heicteáir laistigh de 2 bhliain ó dháta eisiúna na tuarascála sin.

Clárófar an fheirm féarthalún i mbunachar sonraí leasacháin náisiúnta na hÉireann, agus beidh sí i gcomhréir iomlán le hIonstraim Reachtúil Uimh. 378 de 2023, *Na Rialacháin um Bunachar Sonraí Náisiúnta Leasachán, 2023*. Déanfaidh an fheirm féarthalún na stoic dheiridh leasacháin cheimicigh agus aoil ar an ngabháltas a dhearbhú freisin ar 23:59 an 14 Meán Fómhair gach bliain agus trí dhearbhú 'Neamhní an Stoc Deiridh' i gcás inarb iomchuí.';

(b) cuirtear isteach mír 7 seo a leanas:

'7. An lamháltas ráta stocála do thalamh atá suite lasmuigh de gha 30 km ó mhol na feirme féarthalún, ní bheidh sé os cionn 170 kg de nítrigin aoiligh beostoic in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana, ach amháin má chinneann an t-údarás inniúil go bhfuil fianaise inléirithe ann go bhfuil feirmeoireacht á déanamh ar an talamh sin de réir ráta stocála is mó ná 170 kg de nítrigin aoiligh beostoic in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana.';

(4) in Airteagal 8, cuirtear míreanna 6, 7 agus 8 mar a leanas isteach:

‘6. Tráth nach déanaí ná deireadh an dara bliain de bheith ag baint leas as an údarú faoi réir an Chinnidh seo, déanfaidh an fheirm féarthalún:

(a) a cothromaíocht cothaitheach a ríomh trí theicneolaíocht bogearra iomchuí a úsáid, a nglacann an t-údarás inniúil léi;

(b) clár oiliúna sa bhainistiú féarthalún a fhorordóidh an t-údarás inniúil a chur i gcrích.

7. Déanfar an féar a tháirgtear go bliantúil ar an bhfeirm féarthalún a thaifeadadh trí bhíthin 20 tomhas féir do gach dáileacht féarthalún gach bliain trí theicneolaíocht bogearra iomchuí a úsáid a nglacann an t-údarás inniúil léi. Ní mór 5 lá, ar a laghad, a fhágáil idir na tomhais féir.

8. Glacfaidh an fheirm féarthalún ar a laghad ceann amháin de na bearta seo a leanas:

(a) nuair a bheidh fálta á ngearradh, coimeádfar ar a laghad Sceach gheal/ Draighean amháin i ngach fál sceach agus ligfear don chrann sin teacht chun aibíochta;

(b) déanfar fálta sceach a chothabháil ar thimthriall 3 bliana ar a laghad agus gearrfar iad de réir uainíochta chun a áirithiú go mbláthóidh roinnt limistéar fálta sceach ar an bhfeirm agus go dtáirgeoidh siad caora gach bliain.’;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

‘*Airteagal 9*

Coinníoll maidir le beostoc a bheathú

Ceadófar idir an 15 Aibreán agus an 30 Meán Fómhair uasmhéid 14 % de phróitéin amh i mbeathú tiubhaithe lena mbeathófar ba bainne agus eallach eile 2 bhliain d’aois agus níos sine a itheann féar. Coinneofar taifid ar an méid próitéine aimhe i mbeathú tiubhaithe agus cuirfear iad ar fáil lena n-iniúchadh ag an údarás inniúil arna iarraidh sin.’;

(6) cuirtear Airteagal 9a seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 9a*

Coinníollacha breise maidir le húdaruithe a dheonú in 2028

1. Ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, an t-uasráta bliantúil leasaithe féarthalún ó leasacháin cheimiceacha ar ghabháltais ag a bhfuil údarú, laghdófar an ráta sin ionas go mbeidh na rátaí 5 % níos ísle ó 2028 ar aghaidh ná na rátaí arna bhfoilsiú i gClár Gníomhaíochta na hÉireann arna gcur chun feidhme in Ionstraim Reachtúil Uimh. 42 de 2025, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2022, arna leasú. Má shocraítear luachanna níos ísle le linn an athbhreithnithe ar na noirm leasúcháin, beidh feidhm ag na luachanna níos ísle sin.

2. Ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, i gcás gabháltais ag a bhfuil údarú, ní úsáidfear leasacháin cheimiceacha ar fhéarthalamh laistigh de 4 mhéadar ó aon uiscí dromchla, ach amháin má leagann Clár Gníomhaíochta na hÉireann ceanglais níos déine amach agus sa chás sin, beidh feidhm ag na ceanglais níos déine sin. Ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, ní úsáidfear leasacháin orgánacha, lena n-áirítear aoileach agus fuíolluisce, ar thalamh sna limistéir chéanna laistigh de 8 méadar feadh aon uisce dromchla agus laistigh de 20 méadar ó aon uisce dromchla i gcás ina bhfuil meánchlaonadh níos mó ná 20 % sa talamh i dtreo an uisce, ach amháin má leagann Clár Gníomhaíochta na hÉireann ceanglais níos déine amach agus sa chás sin, beidh feidhm ag na ceanglais níos déine sin.’;

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

‘*Airteagal 11*

Rialuithe

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla rialuithe riaracháin i ndáil le gach iarratas ar údarú chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagail 6 go 9a. I gcás ina léirítear nach gcomhlíontar na coinníollacha sin, diúltófar don iarratas agus cuirfear na cúiseanna leis an diúltú in iúl don iarratasóir. Gach bliain, déanfaidh na húdaráis inniúla rialuithe riaracháin ar 10 % ar a laghad de na feirmeacha féarthalún a chumhdaítear le húdaruithe a mhéid a bhaineann le húsáid talún, leis an líon agus an cineál beostoic agus le táirgeadh agus onnmhairiú aoiligh.

2. Bunóidh na húdaráis inniúla clár maidir le hiniúchtaí ar an bhfód a dhéanamh, ar bhonn riosca agus a mhinice is iomchuí, ar fheirmeacha féarthalún a chumhdaítear le húdaruithe, agus torthaí rialuithe na mblianta roimhe sin á gcur san áireamh, mar aon le torthaí rialuithe ginearálta randamacha den reachtaíocht lena dtrasuitear Treoir 91/676/CEE agus aon fhaisnéis eile lena bhféadfaí neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagail 6 go 9a a léiriú. Gach bliain, déanfar iniúchadh ar an bhfód ar 10 % ar a laghad de na feirmeacha féarthalún a chumhdaítear le húdaruithe chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagail 6 go 9a.

3. I gcás ina mbunaítear, in aon bhliain, nach gcomhlíonann feirm féarthalún a chumhdaítear le húdarú na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 6 go 9a, déanfar pionós a ghearradh ar shealbhóir an údaraithe i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta agus ní bheidh sé incháilithe d'údarú an bhliain dár gcionn.

4. Tabharfar na cumhachtaí agus na modhanna is gá do na húdaráis inniúla chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú arna dheonú faoin gCinneadh seo chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 6 go 9a roimh údarú a dheonú faoin gCinneadh seo agus ina dhiaidh sin.';

(8) in Airteagal 13, an chéad mhír, cuirtear an pointe (j) seo a leanas isteach:

'(j) dul chun cinn i gcur chun feidhme na measúnuithe comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 3a(1).';

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo i gcomhthéacs Chlár Gníomhaíochta na hÉireann mar a chuirtear chun feidhme é in Ionstraim Reachtúil Uimh. 113 de 2022, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta maidir le Cosaint Uiscí) 2022, arna leasú, agus i gcomhthéacs an Chláir Gníomhaíochta de chuid na hÉireann mar a chuirtear chun feidhme é in Ionstraim Reachtúil Uimh. 588 de 2025.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2028.'

Airteagal 2

Is chuig Éirinn a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Jessika ROSWALL
Comhalta den Choimisiún